Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

14668/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0285(NLE)**

**LIMITE**

**PECHE 365**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena socraítear le haghaidh 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh<br>• *Cur i láthair ón gCoimisiún*<br>• *Seisiún tuairimíochta* |

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite, atá bunaithe ar Airteagal 43(3) CFAE, faoi bhráid na Comhairle an 22 Meán Fómhair 2025[1]. Is é is aidhm don togra deiseanna iascaireachta a shocrú le haghaidh 2026 sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh, i gcomhréir leis an bplean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus leis na moltaí ón gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM).

2. Meastar go gcomhlánóidh páipéar leathoifigiúil breise ón gCoimisiún an togra in am trátha.

3. Scrúdaigh an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh an togra ag an gcruinniú a bhí aici an 9 Deireadh Fómhair 2025.

4. Chuir roinnt toscaireachtaí forchoimeádais grinnscrúdaithe isteach.

5. Leag 3 thoscaireacht béim ar a thábhachtaí atá sé an plean ilbhliantúil don Mheánmhuir Thiar a leasú.

[1] 13077/25 + ADD1

6. Iarrtar ar an gComhairle an cur i láthair ón gCoimisiún a thabhairt dá haire agus tuairimí a mhalartú maidir leis an ábhar sin.

PUBLIC